# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Meitheamh 2016

## San eagrán seo:


- Buaiteoirí Dúshlán Taistil Translink
- Ceiliúrann Scoileanna Bhéal Feirste 'Éacht Mór Wheelie'
- Nuacht Scoileanna - Faigheann Scoileanna Bua ar an Bhruscar
- Nuacht Chomhairlí - Gradaim Ar Leac an Dorais Agat/Down Your Street
- Nuacht Idirnáisiúnta - Buaiteoirí TÓT/YRE
- Nuacht eile - Scéim na Miondeontas Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here ar oscailt
- Acmhainn nua - Cuir, Fás, Alp
- OPAL Leabhrán Suirbhé Polli:Náisiún
- Brait Ghlasa na míosa seo


## Ócáid Cheiliúrtha Dhúshlán Taistil Translink

Tugadh luach saothair do dhaltaí scoile fud fad Thuaisceart Éireann as ucht a gcuid iarrachtaí chun iompar níos inbhuanaithe a úsáid le linn Dhúshlán Taistil Éicea-Scoileanna Translink.

Bhí bronnadh speisialta duaiseanna ann ag Stáisiún Láir Bhéal Feirste le linn na chéad Seachtaine Bus + Traenach riamh de chuid Translink, Meitheamh 6-12, ina ndearnadh ceiliúradh ar thairbhí an iompair phoiblí.

Ar feadh tréimhse coicíse, ghlac 36 scoil áitiúla páirt i 'nDúshlán Taistil Éicea-Scoileanna' agus rinne os cionn 1100 dalta monatóireacht ar a gcuid patrún taistil agus rinne siad iarracht siúl nó rothaíocht chun na scoile, nó an bus/traein le a úsáid le dul ar scoil.

Le linn an Dúshláin, bhí bogadh mór ar shiúl ó úsáid carr go taisteal inbhuanaithe. Tháinig méadú 45% os cionn na bunlíne ar chineálacha glasa taistil sna scoileanna a ghlac páirt. Ciallaíonn sé sin dá nglacfadh gach scoil páirt ann gach lá den scoilbhliain ag an leibhéal sin go dtiocfadh laghdú ar úsáid carr de chóir a bheith 100 milliún ciliméadar sa bhliain, rud a shábhálfadh líon ollmhór de 25 milliún aistear bainte den turas chun na scoile.

Ba iad Lagan College, Ballymacricket PS – Cromghlinn, Mill Strand Integrated PS – Port Rois agus Cranmore Integrated PS – na scoileanna ab fhearr ar éirigh leo daltaí agus tuismitheoirí a spreagadh chun iompar a roghnú nach ndéanfadh díobháil don timpeallacht.




*Ceiliúrann Éicea-Scoileanna Dúshlán Taistil rathúil ag an Stáisiún Láir*

Le linn an imeachta, bronnadh Gradam Bhrat Glas Éicea-Scoileanna fosta ar Mill Strand Integrated Primary, Port Rois; Ballymacrickett Primary, Cromghlinn; agus St Mary's Primary School, Port Chluain Eoin; i ndiaidh dóibh an dúshlán taistil a chur díobh go sásúil.

Bhain Enniskillen Integrated Primary turas bus oideachasúil don rang le Ulsterbus Tours agus lá amuigh i mBaile Átha Cliath. Léigh tuilleadh…

## Ceiliúrann Scoileanna Bhéal Feirste 'Éacht Mór Wheelie'

Chruinnigh scoileanna le chéile ó gach cearn de Bhéal Feirste ar na mallaibh ag Halla na Cathrach, Béal Feirste le ceiliúradh a dhéanamh ar scothchleachtas comhshaoil i gcuideachta Keep Northern Ireland Beautiful, Éicea-Scoileanna agus Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste sa dara bliain rathúil seo acu de Dhúshlán Mór Wheelie.

Reáchtáladh an ócáid in ionad dearscnaitheach an Halla Mhóir i Halla na Cathrach, Béal Feirste. Tugadh cuireadh do scoileanna a dtorthaí agus a ngníomhartha deiridh a chur i láthair le haghaidh Dhúshlán Mór Wheelie na bliana seo. Spreag an tionscadal daltaí ó 34 scoil Fheirsteacha chun iniúchadh a dhéanamh agus dul i gceann gníomhaíochtaí praiticiúla leis an dramhaíl a laghdú, go háirithe dramhbhia, ar scoil agus sa bhaile trí laghdú, athúsáid agus athchúrsáil.

Ba í Harberton Special School a tháinig sa chéad áit i rannóg na mBunscoileanna agus, sa rannóg chéanna, roinn Mercy Primary School agus Lisnasharragh Primary School an dara háit, ba í Our Lady of Lourdes Primary School a bhí sa tríú háit.

Tháinig Park School sa chéad ait sa rannóg iar-bhunscoile agus ba í Fleming Fulton School a fuair an dara háit sa rannóg sin.

Chuir gach scoil a bhí i láthair taispeántas iontach ar fáil inar aibhsíodh an obair a rinne siad do Dhúshlán Mór Wheelie a chlúdaigh gach rud ó chuiteoga go ceachtanna cócaireachta, agus coimeádáin phlandála buataisí rubair. Tháinig athrú mór i roinnt scoileanna, gan aon athchúrsáil iontu roimhe agus faoi dheireadh an Dúshláin bhí suas le 80% dá gcuid bruscair á athchúrsáil; agus chuir a lán acu tús le piastlanna, múiríniú agus bailiúcháin na nAraidí Donna le dul i ngleic le cur amú bia.




*Ceiliúrann Éicea-Scoileanna Bhéal Feirste i Halla na Cathrach*

Lena chois sin rinneadh a mBrat Glas Éicea-Scoile ar a bhfuil clú agus cáil idirnáisiúnta a bhronnadh go hoifigiúil ar sheacht gcinn d'Éicea-Scoileanna Bhéal Feirste as ucht a fheabhas a bhí an obair chomhshaoil sna scoileanna s'acu: Christ the Redeemer Primary School; Grosvenor Grammar School; Greenwood Primary School; Knockbreda Primary School; St Kieran's Primary School; Mercy Primary School agus Fleming Fulton School.

*Is é a dúirt George Lyttle, Oifigeach Athchúrsála, Bainistiú Dramhaíola Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste: "Is iontach an iarracht agus an obair foirne a fheiceáil atá déanta ag na páistí seo leis an teachtaireacht "laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil" a dhéanamh beo ar dhóigh chomh cruthaitheach sin. Comhghairdeas le gach scoil ar éirigh leo na babhtaí ceannais a bhaint amach. Bhí se ar fheabhas fosta go dtiocfadh linn ceiliúradh a dhéanamh leis na scoileanna sin i mBéal Feirste ar éirigh leo creidiúnú Bhrat Glas Éicea-Scoileanna a bhaint amach"*

# Feachtas na nGráinneog

Tá Éicea-Scoileanna ag iarraidh ar gach scoil cuidiú lenár ngráinneoga dúchasacha. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil anois go bhfuil níos lú ná 1 mhilliún gráinneog fágtha.

Is am maith é an samhradh le gnáthóg gráinneoige a shuíomh agus a dhéanamh ionas go mbeidh sí réidh do ghráinneoga le socrú isteach inti san fhómhar.



www.bbc.co.uk

Tá sé fíorfhurasta teach beag a dhéanamh do ghráinneoga. Tóg leat cráta daingean agus iompaigh bun os cionn é. Clúdaigh é le clocha, cré agus adhmad agus déan cinnte go bhfuil slí isteach ann. Má bhíonn sé tirim agus faoi chosaint is féidir le gráinneoga é a úsáid le cónaí ann i rith an gheimhridh.

Is féidir bosca gráinneoige adhmaid a cheannach, nó ceann a dhéanamh den dearadh céanna. Nuair a cheannaíonn tú adhmad, bí cinnte go dtig sé ó fhoinse inbhuanaithe.

Bí cinnte gur baile breá daingean a thógann tú do ghráinneoga mar go ndéanfaidh broic agus sionnaigh bia míoltóige de ghráinneog, má bhíonn leathsheans acu.

Is é an dóigh is fusa le cuidiú le gráinneoga baile a aimsiú a lán deiseanna nádúrtha a thabhairt dóibh. Bíonn tóir acu ar charnáin lomán, cairn aoiligh agus áiteanna cluthara faoi sheid nó chlaí.

Amharc ar shuíomh gréasáin an BBC le tuilleadh eolais agus treorach a fháil ar 'conas'.

Má chonaic tú gráinneoga ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat chun roinnt linn, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org amharc ar Fheachtas na nGráinneog ar ár suíomh idirlín.

# Nuacht Scoileanna :

## Faigheann Éicea-Scoileanna Chill Chaoil an Bua ar Bhruscar cois Cósta

D'éirigh le tríocha scoil tríd Thuaisceart Éireann réitithe a fháil de bhruscar agus de dhramhaíl trí pháirt a ghlacadh san fheachtas 'Deireadh le Dramhaíl'/Litter Less' a reáchtáil Fondúireacht Chomhlacht Wrigley Foundation. Tá lúcháir ar Keep Northern Ireland Beautiful go raibh siad i mbun an fheachtais don chúigiú bliain trí chlár Éicea-Scoileanna i gcomhpháirt leis an Fhondúireacht don Oideachas Imshaoil. Tá an feachtas domhanda seo á reáchtáil in 31 tír ar fud na cruinne, ag ardú feasachta maidir le fadhbanna bruscair agus ag spreagadh athruithe dearfacha iompraíochta.

Shocraigh St Louis Grammar School, Cill Chaoil, ar an bhruscar a throid, ní sa scoil amháin, ach fosta amuigh tríd cheantar fíorálainn imeallbhord Mhúrn. Thug siad cuireadh do dhá scoil áitiúla eile lámh chuidithe a thabhairt dóibh le Trá Chreamhchoille a ghlanadh: Holy Cross Primary, Áit Uí Chathail agus Kilkeel High. Ghlac 60 daltaí agus múinteoirí páirt agus fuair siad tacaíocht ó Keep Northern Ireland Beautiful, Wrigley, an Chomhairle áitiúil agus an Grúpa Is breá Linn Ár Loch/the Love Your Lough Group. Thug an grúpa Love Your Lough caint breá eolasach do na daltaí faoi na héifeachtaí tubaisteacha a bhíonn ag bruscar ar an chomhshaol, sular chuir gach duine bealadh faoi na hioscaidí le tabhairt faoin trá.

Cé go raibh cuma réasúnta glan ar an trá ón chéad radharc, bhailigh an grúpa 27 mála bruscair ina measc rudaí ar nós scuab gruaige, bristí lapadaíola, lámhainní plaisteacha, gáitéarlach agus cairpéad.



# Nuacht Chomhairlí :

## An tIúr agus Múrna - Gradaim Ar Leac an Dorais Agat

Bhí searmanas gradam ag Comhairle Buirge an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i mí an Mheithimh le buíochas a ghabháil leis na scoileanna agus leis na grúpaí pobail a ghlac páirt sa tionscnamh 'Ar Leac an Dorais Agat'/'Down Your Street' Initiative a bhí mar chuid den Fheachtas Is breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here Campaign.




St Patrick's Primary School, Burrenreagh

Is clár comhpháirtíochta é Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here, a bhíonn á riar ag Keep Northern Ireland Beautiful, agus tá éiteas láidir mórtas saoránachta aige ag cuidiú le grúpaí áitiúla dul i gceann gníomhaíochtaí deonacha agus praiticiúla le feabhas a chur ar a gcuid comhphobal agus tá lorg na luachanna sin ar an tionscnamh 'Ar Leac an Dorais Agat'/'Down Your Street'.

Cuireann gach gníomhaíocht feabhsú comhshaoil a dhéantar inár gcomhphobail áitiúla, dá laghad iad, cuireann siad le folláine ghinearálta ár gceantair. Is eol dúinn uilig grúpaí a bhíonn réamhghníomhach ag dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil ar leibhéil áitiúla ach a bhfuil cuidiú éigin de dhíth orthu lena gcuid iarrachtaí a choinneáil a dhul. Tugtar roinnt den chuidiú sin a mbíonn géarghá leis trí Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here agus tríd an tionscnamh Ar Leac an Dorais Agat/Down Your Street Initiative.

Le buíochas a ghabháil leo, cuireadh roinnt scoileanna agus grúpaí a thug cuntas ar a gcuid oibre dúinn, cuireadh san áireamh iad i scéim luach saothair agus tugadh gradaim agus duaiseanna dóibh ar an lá.

Faigh amach níos mó faoi seo **(Nasc Rút chuig LHLH)**

**Buíochas mór leis na Comhairlí seo a leanas a thugann tacaíocht do Chlár Éicea-Scoileanna**

# Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:
## Tuairisceoirí Óga don Timpeallacht (TÓT)/Young Reporters for the Environment (YRE)

Leigh agus phléigh an Giúiré Idirnáisiúnta na hiontrálacha náisiúnta ab fhearr i rannóga na meán .i. ailt, grianghraif agus físeáin, thar na haoisghrúpaí 11-14, 15-18, 19-21, chomh maith leis an chatagóir nua: Comhoibriú Idirnáisiúnta. Shocraigh an giúiré ansin e ar bhuaiteoirí Chomórtas Idirnáisiúnta TÓT na bliana seo, a gheobhaidh duaiseanna agus gradaim ar ball beag ar son a gcuid iontrálacha. IS féidir teacht ar gach iontráil ar leathanach Poiblíochta an chomórtais. Is féidir teacht ar bhuaiteoirí na bliana seo ar an leathanach Unesco seo.

## Keep Northern Ireland Beautiful news:

Tá Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann á reáchtáil ag an charthanas Keep Northern Ireland Beautiful. Seo na scéalta is deireanaí nuachta ó rannóga eile dár n-eagraíocht:

## Deontais Bheaga Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here ar oscailt anois

Cuideoidh an tríú bliain de Scéim na Miondeontas Is breá Linn an Baile Seo/ Live Here Love Here le pobail, scoileanna agus grúpaí dul i mbun gníomh praiticiúil le feabhas a chur ar a dtimpeallacht áitiúil agus cuidiú le forbairt an mhórtais shaoránachta ar fud Thuaisceart Éireann.

Beidh an carthanas comhshaoil, Keep Northern Ireland Beautiful ag obair i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Turasóireacht Tuaisceart Éireann, Comhairlí áitiúla agus Scoth Tithíochta/ Choice Housing chun Scéim na Miondeontas Is breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here a lainseáil.

Tá sé i gceist go gcuideoidh Scéim na Miondeontas le grúpaí feabhas a chur ar chaighdeán a dtimpeallachta áitiúla trí bhruscar agus salú ag madaí a laghdú; feabhas a chur le bainistiú comhshaoil ceantair áitiúil; mórtas saoránachta a chothú i bpobal agus béim a bheith ar fheabhsúcháin chomhshaoil; nó chun turasóireacht a fheabhsú nó a mhealladh ina bpobal féin trí fheabhsúcháin chomhshaoil. Breathnaíodh grúpaí ar suim leo é ar www.liveherelovehere.org le breis eolais agus pacáiste iarratais a fháil.

**Ná déan dearmad do thacaíocht don fheachtas Is Breá linn an Baile seo a ghealladh agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéa-**

## Ceiliúrann scoth-thránna Thuaisceart Éireann a ngradaim

Ag Gradaim Idirnáisiúnta an Bhrait Ghlais tugadh aitheantas do dheich gcinn de thránna Thuaisceart Éireann mar thránna "den chéad scoth" as ucht a gcuid fóntas agus as ardcháilíocht a gcuid uiscí.

Aithnítear trí Ghradam an Bhrait Ghlais tránna leis na caighdeáin is airde fóntas agus cáilíocht uisce. Is ábhar mórtais ag Tuaisceart Éireann deich dtránna agus dhá mhuiríne a bheith acu i mbliana a bhain amach an tagarmharc sin.

Is comhartha barr feabhais in 49 dtíortha é an Brat Gorm Idirnáisiúnta, a riartar go háitiúil ag an charthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful.



Bronnadh na brait ghorma ar -

- Carraig Ceasail, Comhairle Buirge Chósta an Chlocháin agus na nGlinntí
- Cuan Creamhchoille, Comhairle Buirge an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Sruth Chráfard*, Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann
- Aird Mhic Giollagáin, Bun Abhann, Comhairle Buirge, Comhairle Buirge Chósta an Chlocháin agus na nGlinntí
- Aird Mhic Giollagáin, Dún Bó, Comhairle Buirge, Comhairle Buirge Chósta an Chlocháin agus na nGlinntí
- Trá Mhurlaigh , Comhairle Buirge an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Iarthar Phort Rois Comhairle Buirge Chósta an Chlocháin agus na nGlinntí
- Trá Phort na Binne Uaine*, An tIontaobhas Náisiúnta
- Trá Theach Riala, Comhairle Buirge an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- An Charraig Gheal, Comhairle Buirge Chósta an Chlocháin agus na nGlinntí

(*a fuair fosta Gradam Ionad Saoire Cois Trá)

## Nuacht Eile: 'Cuir, Fás, Alp'




Is í Jilly Dougan a chruthaigh an acmhainn iontach seo chun scoileanna a spreagadh lena dtáirgí féin a fhás. Is píosa saothair dea-chruthaithe ar fad é a chuirfeadh go mór lena lán topaicí Éicea-Scoileanna .

Is féidir PDF (3MG) den acmhainn a rochtain ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna anseo.

## Gradaim na Scoileanna is Slachtmhaire

Bhí lúcháir ar Éicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful, freastal ar Ghradaim NIAC do na Scoileanna is Slachtmhaire an mhí seo. Bhí sé go hiontach a oiread sár-Éicea-Scoileanna a fheiceáil ag crochadh leo duaiseanna ar an lá. Comhghairdeas mór leis an bhuaiteoir iomlán 'Scoth na Sárscoileanna' St Comhghall's College, Lios na Scéithe. Comhghairdeas fosta leis na buaiteoirí réigiúnacha ar fad.

## Todhchaí Gheal Ghlas/Bright Green Future

Tá Todhchaí Gheal Ghlas/ Bright Green Future ar lorg páistí 15-17 mbliana d'aois ar suim leo an timpeallacht agus athrú aeráide chun páirt a ghlacadh i gclár dhá bhliain ó Mheán Fómhair 2016. Gheobhaidh na rannpháirtithe oiliúint, freastalóidh siad ar shocrúcháin, tabharfaidh siad faoi thionscadail áitiúla agus beidh siad páirteach i scoil samhraidh, agus is é an aidhm atá leis sin ar fad na scileanna, an t-eolas agus an mhuinín a thabhairt dóibh atá de dhíth le dul i gceann gairme in earnáil an chomhshaoil. Tá iarratais ar oscailt anois go dtí 17 Iúil; gabh chuig www.bright-green-future.org.uk chun tuilleadh eolais a fháil.

## OPAL Leabhrán Suirbhé Polli:Náisiún




Tá OPAL i ndiaidh leabhrán iontach a sheoladh chun suirbhé pailneoirí a dhéanamh ar acmhainn iontach ag scoileanna é. Foghlaimeoidh tú faoi phailneoirí, conas iad a aithint agus a bheith á dtóraíocht trí thailte na scoile. Is féidir ansin do thorthaí a chur leis an bhunachar sonraí ar líne. Is tasc álainn bithéagsúlachta é seo agus cuidíonn sé le scileanna uimhearthacht agus litearthachta fosta. Breathnaigh ar an suirbhé seo agus ar na hacmhainní iontacha eile atá ag OPAL ar a suíomh gréasáin.

## Brait Ghlasa na míosa seo

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a n-éacht iontach a thréaslú leo.

Comhghairdeas an mhí seo ag dul do:

- Pond Park Primary, Lios na gCearrbhach
- St Scire's Primary, An Ómaigh
- Augher Central Primary, An Eochair
- Killyhommon Primary, Inis Ceithleann
- Mullavilly Primary, Port an Dúnáin
- Presentation Primary, Port an Dúnáin
- Glencraig Integrated Primary School
- Gortin Primary, An Ómaigh
- Sion Mills Primary, An Srath Bán
- St Brigid's Primary, An tIúr
- St Laurence O'Toole's Primary, An tIúr
- St Patrick's Primary School, Coilleach Eanach
- Edenderry Primary School, Port an Dúnáin
- Oakgrove Integrated Primary, Doire
- Belmont Primary, Béal Feirste
- Six Mile Integrated Primary, Aontriom
- Rosetta Primary, Béal Feirste
- Cranmore Integrated Primary, Béal Feirste
- Gracehill Primary, An Baile Meánach
- St Paul's Primary, Sliabh Mór, Doire
- St Brigid's Primary School, Doire
- St Patrick's and St Brigid's Primary, Baile an Chaistil
- St Patrick's Primary, Ros Earcáin
- Forge Integrated Primary, Béal Feirste
- St Columba's Primary School, Cill Ria
- St Mary's College, Port Chluain Eoin
- St Patrick's & St Joseph's Primary, Cúil Raithin
- St. Colmcille's Primary, An Baile Meánach
- Windmill Integrated Primary, Dún Geanainn
- Crumlin Integrated Primary, Cromghlinn
- Magherafelt Nursery, Machaire Fíolta
- New Row Primary, Machaire Fíolta
- Steeple Nursery, Aontroim
- Ardstraw Jubilee Primary, An Baile Nua
- St Theresa's Primary, An Srath Bán
- St Colmcilles Primary and Nursery, Clóidigh
- Donemana Primary, An Srath Bán
- Euston Street Primary, Béal Feirste
- Killen Primary, Caisleán na Deirge
- St Catherine's Primary, An Srath Bán
- St. Ita's Primary, Béal Feirste
- Andrews Memorial Primary, Baile Nua na hArda
- Comber Primary School, Cumar
- Good Shepherd Nursery, Béal Feirste
- Ballycarrickmaddy Primary, Lios na gCearrbhach
- Victoria Primary, Carraig Fhearghais
- Moneymore Primary, Machaire Fíolta
- St Patrick's Primary, Creag Abhann
- Woods Primary, Machaire Fíolta
- Mountnorris Primary, Ard Mhacha
- St Joseph's Primary, Madden, Ard Mhacha
- St.Bronagh's Primary, An tIúr
- Aughamullan Primary, Dún Geanainn
- Ballyclare Primary, Baile an Chláir
- Ballyoran Primary, Port an Dúnáin
- St Joseph's Primary, Loch Cuan




*Killyhammon Primary, Inis Ceithleann*




*St Patrick 's agus St Brigid's Primary, Baile an Chaistil*




*Crumlin Integrated Primary, Cromghlinn*




*Mullavilly Primary, Port an Dúnáin*




*St Columba's Primary, Cill Ria*

**Bíodh scoth samhraidh agat!! Feicimis a chéile arís i Meán Fómhair.**



**Déan teagmháil linn ag:**
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org
Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Teil: 028 9073 6920

DAERA
Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs
www.daera-ni.gov.uk

Faigheann Clár Éicea-Scoileanna tacaíocht ó RTCGT (An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil & Gnóthaí Tuaithe)

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cás-staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**